
# Moya Brennan



Eochairfhocail: amhránaí, gradam, cruitire, cumadóir, saoránacht

Príomhscileanna: scríobh, léamh, éisteacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cárbh as don cheoltóir Moya Ní Bhraonáin?
2. Cén t-ainm a bhí ar an ngrúpa ceoil a raibh Moya páirteach ann?
3. Cathain a thosaigh Moya ag gabháil don cheol?
4. Cén post a bhí ag athair Mhoya?
5. Cé mhéad deartháir agus deirfiúr a bhí aici?
6. Breac síos na trí ról a luann an tuairisceoir a bhí ag Moya le Clannad. Príomh-amhránaí, cumadóir agus cruitire
7. Cén bhliain a bhuaigh Clannad Gradam Grammy?
8. Cér leis a chum agus a chan sí an t-amhrán In a Lifetime sa bhliain 1986?
9. Cad a rinne Moya sa bhliain 2000?
10. Ainmnigh gradam pearsanta amháin a bronnadh ar Mhoya Ní Bhraonáin.



## Gníomhaíocht Smaointeoireachta


Rugadh Moya Brennan nó Máire Ní Bhraonáin sa (1)bliain naoi déag caoga dó. Ba as teaghlach thar a bheith (2)ceolmhaire di mar sin bhí sí sáite sa cheol ó (3) haois an-óg. Léirigh sí an-chumas sa cheol nuair a bhí sí ina (4)chailín óg. Ní hamháin go raibh glór binn aici ach ba (5)cruitire den scoth í freisin. Bhain sí clú agus cáil amach agus í mar bhall den bhanna ceoil Clannad. (6)chuir Clannad an ceol Gaelach agus go deimhin an (7)Gaeilge féin chun cinn lena gcuid amhrán. Bhí an-tóir go deo ar amhráin Chlannad agus (8)bhronnadh an-chuid duaiseanna náisiúnta agus idirnáisiúnta orthu i rith ochtóidí agus nóchaidí na haoise seo caite. Thaistil Moya Ní Bhraonáin timpeall na cruinne le Clannad ach níl aon amhras faoi ach gurbh é a (9)contaetha dúchais, Dún na nGall, agus cultúr Gaelach an chontae sin ach go háirithe, an dá (10)rudaí ba chongaraí dá croí.

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**Éist le ceann d'amhráin Moya Ní Bhraonáin ar YouTube. Ansin, scríobh léirmheas 75 focal nó mar sin air. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat an léirmheas a scríobh.**

- Draíochtúil
- Lirící
- Suaimhneach
- Rithim an cheoil
- Ceol cumhachtach corraitheach
- Mhúscail an t-amhrán ..... ionam

## Freagraí



1. Gaoth Dobhair, Dún na nGall
2. Clannad
3. Ó bhí sí ina girseach óg
4. Tábhairneoir/bhí teach tábhairne aige
5. 8
6. Príomh-amhránaí, cumadóir agus cruitire
7. 1999
8. Bono
9. Sheol sí a hamhrán Perfect Time ar Lá Domhanda na hÓige sa Róimh os comhair an Phápa, Eoin Pól a Dó
10. Gradam Phearsa Dhún na nGall 2023, Saoránacht Dhún na nGall 2024

Rugadh Moya Brennan nó Máire Ní Bhraonáin sa bhliain naoi déag caoga dó. Ba as teaghlach thar a bheith ceolmhar di mar sin bhí sí sáite sa cheol ó aois an-óg. Léirigh sí an-chumas sa cheol nuair a bhí sí ina cailín óg. Ní hamháin go raibh glór binn aici ach ba chruitire den scoth í freisin. Bhain sí clú agus cáil amach agus í mar bhall den bhanna ceoil Clannad. Chuir Clannad an ceol Gaelach agus go deimhin an Ghaeilge féin chun cinn lena gcuid amhrán. Bhí an-tóir go deo ar amhráin Chlannad agus bronnadh an-chuid duaiseanna náisiúnta agus idirnáisiúnta orthu i rith ochtóidí agus nóchaidí na haoise seo caite. Thaistil Moya Ní Bhraonáin timpeall na cruinne le Clannad ach níl aon amhras faoi ach gurbh é a contae dúchais, Dún na nGall, agus cultúr Gaelach an chontae sin ach go háirithe, an dá rud ba chongaraí dá croí.

